   c. ar ghearradh táillí do gach iarratas (ar athnuachan) atá i gcomhréir leis na táillí iníoctha i ndáil le cead oibre d'oibrí triú tír ach atá cúig huaire níos mó ná na táillí atá iníoctha le haghaidh cruthúnais de chónaí dleathach de shaoránach an Aontais?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Centrale Raad van Beroep (an Ísiltír) a taisceadh an 18 Lúnasa 2022 – X v Raad van bestuur van de Sociale verzekeringsbank**

**(Cás C-549/22)**

(2022/C 463/21)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Centrale Raad van Beroep

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* X

*Freagróir:* Raad van bestuur van de Sociale verzekeringsbank

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 68(4) den Chomhaontú Comhlachais ([1]) a léiriú sa chaoi go mbaineann sé le marthanóir oibrí éagtha atá ina cónaí san Ailgéir agus a theastaíonn uaithi a sochar marthanóra a onnmhairiú go dtí an Ailgéir?

   Más freagra dearfach a thabharfar:

2. An gcaithfear Airteagal 68(4) den Chomhaontú Comhlachais, ag féachaint dá fhoclaíocht agus do bhrí agus do chuspóir na forála sin, a léiriú sa chaoi go bhfuil éifeacht dhíreach aige ionas go bhfuil daoine lena mbaineann an fhoráil sin i dteideal brath uirthi go díreach os comhair chúirteanna na mBallstát agus nach mbeidh feidhm ag rialacha dlí náisiúnta atá contrártha di?

Más freagra dearfach a thabharfar:

3. An gcaithfear Airteagal 68(4) den Chomhaontú Comhlachais a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fheidhmiú an phrionsabail maidir le stát cónaithe de réir bhrí Airteagal 17(3) den Algemene nabestaandenwet (Dlí ginearálta maidir le marthanóirí), ag a bhfuil srian ar onnmhairiú an tsochair marthanóra mar thoradh air?

(1) Comhaontú Eora-Mheánmhara, lena mbunaítear Comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Daon-Phoblacht Dhaonlathach na hAilgéire, den pháirt eile (IO 2005 L 265, lch. 2).

**Achomharc arna thabhairt an 26 Lúnasa 2022 ag Ana Carla Mendes de Almeida i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Chéad Dlísheomra) a tugadh an 13 Meitheamh 2022 i gCás T-334/21, Mendes de Almeida v an Chomhairle**

**(Cás C-572/22 P)**

(2022/C 463/22)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Ana Carla Mendes de Almeida (ionadaithe: R. Leandro Vasconcelos, P. Almeida Sande agus M. Tavares, advogados)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 16 Meán Fómhair 2022, d'ordaigh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an cás a bhaint ón gclár.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Hoge Raad der Nederlanden (an Ísiltír) a taisceadh an 7 Meán Fomhair 2022 – X BV v Staatssecretaris van Financiën**

**(Cás C-585/22)**

(2022/C 463/23)

*Teanga an cháis: an Ollainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Hoge Raad der Nederlanden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* X BV

*Freagróir ar an achomharc:* Staatssecretaris van Financiën

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagail 49, 56 agus/nó 63 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir nach bhfuil an t-ús maidir le dliteanas iasachta arna thabhairt i gcrích i leith eintiteas a bhaineann leis an duine inchánach, ar dliteanas é a bhaineann le fáil nó síneadh i leith scairsheilbh in eintiteas atá, tar éis na fála nó an tsínidh sin, ina eintiteas gaolmhar, in-asbhainteach, agus brabús an duine inchánaigh á chinneadh, toisc nach mór an dliteanas sin a aicmiú mar (pháirt de) shocrú go hiomlán saorga, fiú dá ndéanfaí an dliteanas sin, ann féin, a thabhú i gcoinníollacha saoriomaíochta?

2. Más freagra diúltach a thabharfar ar Cheist 1: an gcaithfear Airteagail 49, 56 agus/nó 63 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta ar dá réir a dhícheadaítear ina hiomláine an asbhaint d'ús maidir le dliteanas iasachta atá le haicmiú mar (pháirt de) shocrú go hiomlán saorga i leith eintiteas a bhaineann leis an duine inchánach, ar dliteanas é a bhaineann le fáil nó síneadh i leith scairsheilbh in eintiteas atá, tar éis na fála nó an tsínidh sin, ina eintiteas gaolmhar, agus brabús an duine inchánaigh á chinneadh, fiú i gcás nach bhfuil an t-ús sin, ann féin, níos mó ná an méid a shocródh cuideachtaí atá neamhspleách ar a chéile?

3. Agus freagra á thabhairt ar Cheist 1 agus/nó ar Cheist 2, an ndéanfadh sé aon difríocht dá mbainfeadh an fháil nó an síneadh den scairsheilbh le a) eintiteas ar eintiteas é a bhain leis an duine inchánach roimh an bhfáil nó an síneadh sin nó b) eintiteas nach eintiteas a bhain leis an duine inchánach é ach tar éis na fála nó an tsínidh sin?

**Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Wesel (an Ghearmáin) a taisceadh an 9 Meán Fómhair 2022 – AT, BT v PS GbR, VG, MB, DH, WB, GS**

**(Cás C-590/22)**

(2022/C 463/24)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Amtsgericht Wesel

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* AT, BT

*Cosantóirí:* PS GbR, VG, MB, DH, WB, GS

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. Chun iarratas ar chúiteamh a chruthú faoi Airteagal 82(1) de Rialachán (AE) 2016/679 ([1]) (Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, "RGCS"), an leor go sáraíodh foráil de RGCS lena ndéantar an t-iarratasóir a chosaint nó an gá gur baineadh, in éineacht leis an sárú ar an bhforáil, ann féin, díobháil sa bhreis don iarratasóir?

2. Faoi dhlí an Aontais, chun iarratas ar chúiteamh as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS a chruthú, an bhfuil gá go mbeadh díobháil de mhéid áirithe ann?

3. Go háirithe, chun iarratas ar chúiteamh as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS a chruthú, an leor go bhfuil imní ar an iarratasóir go bhfuil, mar thoradh ar sháruithe ar na forálacha de RGCS, a shonraí pearsanta ag duine gan údarás, cé nach bhféadfaí é sin a chinneadh go deimhneach?

4. An bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais má chuireann an chúirt náisiúnta, agus cúiteamh as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS á mheas aici, na critéir sa dara abairt d'Airteagal 83(2) de RGCS, a bhaineann, de réir na foclaíochta, le fíneálacha riaracháin amháin, san áireamh de réir analaí?

5. An gcaithfear an tsuim maidir le hiarratas ar chúiteamh as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS a mheas freisin sa chaoi go bhfuil éifeacht dhíspreagthach ag an tsuim arna dheonú faoin iarratas agus/nó go gcuirtear smacht ar aon "tráchtálú" de sháruithe (glacadh tomhaiste d'fhíneálacha riaracháin/íocaíochtaí de chúiteamh as damáiste)?

6. An bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais, agus iarratas ar chúiteamh as damáiste neamhábhartha faoi Airteagal 82(1) de RGCS á mheas, an tsuim maidir le sáruithe ar fhorálacha náisiúnta a tharla ag an am céanna, a chur san áireamh, ar forálacha iad a bhfuil mar chuspóir leo sonraí pearsanta a chosaint, ach nach gníomhartha tarmligthe ná cur chun feidhme iad a glacadh i gcomhréir leis an Rialachán sin ná dlíthe Ballstáit lena sonraítear forálacha den Rialachán sin?

([1]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Verwaltungsgericht Minden (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Meán Fómhair 2022 – an tUasal J. O. v Kreis Gütersloh**

**(Cás C-596/22)**

(2022/C 463/25)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Minden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* An tUasal J. O.

*Cosantóir:* Kreis Gütersloh

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An tUasal W. D.

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

1. An gcaithfear Airteagal 2(1), arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(1), de Threoir 2011/92/AE ([1]) agus pointe 17(a) agus pointe 24 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin nó Airteagal 2(1), arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(2) agus (3), de Threoir 2011/92/AE agus pointe 1(e) d'Iarscríbhinn II agus pointe 1(b) agus pointe 3(g) d'Iarscríbhinn III den Treoir sin a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina gcuirtear ionad le haghaidh sicíní le ramhrú a dhiantógáil le hionad den sórt sin atá ceadaithe cheana, nach gá measúnú tionchair timpeallachta nó measúnú ar bhonn gach cáis de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) de Threoir 2011/92 a dhéanamh ar na hionaid sin, mar thionscadail charnacha, ach amháin má tá ceangal eatarthu mar gheall ar a gcomháiseanna oibríochta nó foirgnimh?

2. An gcaithfear Airteagal 2(1), arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(1), de Threoir 2011/92/AE agus pointe 17(a) agus pointe 24 d'Iarscríbhinn I den Treoir sin a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás

   a) ina gcuirtear ionad le haghaidh sicíní le ramhrú a dhiantógáil le hionad den sórt sin atá ceadaithe cheana,

   b) ina sáraíonn an t-ionad breise (29 900 áit) agus an t-ionad atá ceadaithe cheana (84 000 áit) le chéile an tairseach de 85 000 áit do shicíní le ramhrú faoi pointe 17(a) d'Iarscríbhinn I de Threoir 2011/92/AE,

   c) nach mbaineann an t-ionad breise an tairseach náisiúnta do réamhscrúdú suímh faoin dlí náisiúnta (30 000 áit) ná an tairseach náisiúnta do réamhscrúdú ginearálta faoin dlí náisiúnta (40 000 áit) amach, agus,

   d) ina raibh, cé nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair timpeallachta maidir leis an ionad atá ceadaithe cheana, measúnú ar bhonn gach cáis de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) de Threoir 2011/92/AE (trí réamhscrúdú ginearálta faoin dlí náisiúnta) agus an toradh air sin ná nach raibh gá measúnú tionchair timpeallachta a dhéanamh maidir leis an ionad a bhí ceadaithe cheana,

   nach gá measúnú tionchair timpeallachta a dhéanamh maidir leis an ionad breise ach amháin má thugtar le fios i measúnú ar bhonn gach cáis de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) de Threoir 2011/92/AE (trí réamhscrúdú ginearálta faoin dlí náisiúnta) go bhféadfadh tionchair dhiúltacha mhóra nó tionchair dhiúltacha mhóra eile ar an timpeallacht tarlú mar gheall ar an ionad breise a chur leis?

3. An gcaithfear Airteagal 2(1), arna léamh in éineacht le hAirteagal 4(2) agus (3), de Threoir 2011/92/AE agus pointe 1(e) d'Iarscríbhinn II den Treoir sin a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar fhoráil náisiúnta lena bhforáiltear go mbraitheann an oibleagáid maidir le measúnú ar bhonn gach cáis de réir bhrí Airteagal 4(2)(a) de Threoir 2011/92/AE (trí réamhscrúdú suímh faoin dlí náisiúnta) i dtaobh an gcaithfear an tionscadal chun ionad a thógáil agus a oibriú le haghaidh sicíní le ramhrú a dhiantógáil go hiomlán ar an gcritéar go bhfuil 30 000 nó níos mó áit san ionad sin?

([1]) Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le méasúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO 2012 L 26, lch. 1) arna leasú ag Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 (IO 2014 L 124, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil) arna taisceadh an 16 Meán Fómhair 2022 – Società Italiana Imprese Balneari Srl v Comune di Rosignano Marittimo agus páirtithe eile**

**(Cás C-598/22)**

(2022/C 463/26)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Società Italiana Imprese Balneari Srl

*Cosantóir:* Comune di Rosignano Marittimo, Ministero dell'Economia e delle Finanze, Agenzia del demanio – Direzione regionale Toscana e Umbria, Regione Toscana

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

An gcuirtear cosc le hAirteagail 49 agus 56 CFAE agus na prionsabail a eascraíonn as an mbreithiúnas *Laezza* (C 375/14), má mheastar go bhfuil siad infheidhme, ar léiriú forála náisiúnta amhail Airteagal 49 [den Chód Loingseoireachta] sa chiall go bhfuil sé mar thoradh air ná go n-aistríonn an lamhálтóir gan chomaoin agus gan chúiteamh, ar dhul in éag don lamháltas i gcás ina ndéantar an lamháltas a athnuachan ar bhonn gan bhriseadh, i gcás inarb infheidhme, de bhua birt nua, na n-oibreacha foirgníochta arna dtógáil ar an talún atá faoi úinéireacht Stáit atá mar chuid den choimpléasc sócmhainní arna eagrú chun an gnóthas saoire a oibriú, ós rud é go bhféadfadh éifeacht an fhorghéillte láithreach a bheith ina srian a théann thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá á shaothrú iarbhír ag an reachtas náisiúnta a bhaint amach agus go bhfuil sé, dá bhrí sin, díréireach leis an aidhm?

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Deireadh Fómhair 2022 — Coimisiún Eorpach v Poblacht na Portaingéile**

**(Cás C-651/22)**

(2022/C 463/27)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: R. Tricot agus B. Rechena, Gníomhairí)

*Cosantóir*: Poblacht na Portaingéile

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a dhearbhú, trí mhainneachtain na forálacha is gá a ghlacadh, faoin 6 Feabhra 2018 ar a dhéanaí, chun an méid a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom ([1]) ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta don chosaint i gcoinne na contúirte a eascraíonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom a chomhlíonadh ina iomláine, agus trí mhainneachtain na forálacha sin a chur in iúl don Choimisiún, gur sháraigh Poblacht na Portaingéile na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 106 den Treoir sin.

— a ordú do Phoblacht na Portaingéile na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Níor mhór Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 a thrasuí faoin 6 Feabhra 2018 agus níor mhór do na Ballstáit téacs na bhforálacha den dlí náisiúnta ar ghlac siad sa réimse a chuimsítear leis an Treoir sin a chur in iúl don Choimisiún.

Tá an spriocdháta chun an Treoir a thrasuí istigh cheana agus, go dtí seo, ní bhfuair an Coimisiún aon fhógra gur trasuíodh an Treoir sin ina hiomláine agus níl aon fhaisnéis eile aige lena bhféadfadh sé a chinneadh gur chomhlíon Poblacht na Portaingéile an oibleagáid na bearta is gá a chur i bhfeidhm. Go háirithe, níor leag Poblacht na Portaingéile plean gníomhartha náisiúnta amach go fóill chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí fadtéarmacha a bhaineann le nochtadh radóin i dtithe, i bhfoirgnimh a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus in áiteanna oibre cibé bealach a thagann an radón isteach, bíodh sin ón ithir, ón na hábhair tógála nó ón uisce.

Measann an Coimisiún, trí mhainneachtain na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá a ghlacadh chun an méid a leagtar síos i dTreoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 a chomhlíonadh ina hiomláine, agus í sin a thrasuí sa dlíchóras náisiúnta, agus trí mhainneachtain na forálacha sin a chur in iúl don Choimisiún, gur sháraigh Poblacht na Portaingéile na hoibleagáidí atá uirthi de bhun Airteagal 106 den Treoir sin.

---

([1]) IO 2014 L 13, lch. 1.

**Caingean arna tionscnamh an 21 Deireadh Fómhair 2022 – an Coimisiún v an tSlóvaic**

**(Cás C-668/22)**

(2022/C 463/28)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Sasinowska, G. Wilms, R. Lindenthal, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Poblacht na Slóvaice

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a fháil amach, trí mhainneachtain na bearta is gá a ghlacadh chun torthaí áirithe a bhaint amach a eascraíonn as Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ([1]) ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009 lena leagtar síos na ceanglais maidir le seirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair, gur mhainnigh Poblacht na Slóvaice a hoibleagáidí faoi Airteagal 4(3) CAE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún a chomhlíonadh;

— a ordú do Phoblacht na Slóvaice na costais a íoc.

**Pleádálacha dlí agus príomhargóintí**

Foráiltear le hAirteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 go n-áiritheoidh soláthraithe ATS go mbeidh na hacmhainní ag aonaid ATS lena soláthraítear seirbhísí aerthráchta laistigh den aerspás dá dtagraítear in Airteagal 1(3) den Rialachán sin chun na seirbhísí nasctha sonraí a shainmhínítear in Iarscríbhinn II den Rialachán sin a sholáthar agus a oibriú. Is iad na seirbhísí sonraí a shainmhínítear in Iarscríbhinn II ná: Feidhm Tionscnaimh Nasctha Sonraí (DLIC), Seirbhís Bainistíochta Cumarsáide ATC (ACM), Seirbhís Údaraithe agus Faisnéise ATC (ACL) agus an tseirbhís Seiceála Micreafón ATC (AMC). De shárú ar Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 29/2009, mhainnigh an soláthraí ATS arna ainmniú ag Poblacht na Slóvaice a áirithiú go bhfuil na hacmhainní ag aonaid ATS chun na seirbhísí nasctha sonraí a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a sholáthar agus a oibriú. Tráth a ndeachaigh an teorainn ama a leagtar síos sa tuairim réasúnaithe in éag, ní raibh na bearta is gá de réir bhrí Airteagal 4(3) CAE déanta ag Poblacht na Slóvaice chun go gcomhlíonfaidh an soláthraí ATS a d'ainmnigh sí na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 3 (1) de Rialachán (CE) Uimh. 29/2009.

([1]) IO 2009 L 13, lch. 3.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Leino-Sandberg v an Pharlaimint**

**(Cás T-421/17 RENV)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméad a bhaineann leis an gcinneadh rochtain iomlán a dhiúltú do thriú páirtí ar na cruinnithe trípháirteacha a bhaineann leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Europol agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/ CGB agus 2005/681/ CGB – Diúltú rochtana – An dara fleasc d'Airteagal 4(2) de Rialachán Uimh. 1049/2001 – Eisceacht maidir le himeachtaí cúirte agus comhairle dlí a chosaint)***

(2022/C 463/29)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Päivi Leino-Sandberg (Heilsincí, an Fhionlainn) (ionadaithe: O. Brouwer, B. Verheijen agus S. Schubert, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: N. Görlitz agus J.-C. Puffer, Gníomhairí)

*Idiragraithe ag tacú leis an iarratasóir:* Poblacht na Fionlainne (ionadaí: M. Pere, Gníomhaire), Ríocht na Sualainne (ionadaithe: C. Meyer-Seitz, H. Shev, H. Eklinder, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson agus R. Shahsavan Eriksson, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní Cinneadh A(2016) 15112 ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Aibreán 2017 lena ndiúltaítear rochtain a thabhairt di ar Chinneadh A(2015) 4931 ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2015 atá dírithe ar Emilio De Capitani.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear ar neamhní Cinneadh A(2016) 15112 ó Pharlaimint na hEorpa an 3 Aibreán 2017 lena ndiúltaítear rochtain a thabhairt do Päivi Leino-Sandberg ar Chinneadh A(2015) 4931 ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Iúil 2015 atá dírithe ar Emilio De Capitani.

2) Ordaítear don Pharlaimint a costais féin agus na costais arna dtabhú ag Päivi Leino-Sandberg a íoc.

3) Ordaítear do Phoblacht na Fionlainne agus do Ríocht na Sualainne a gcostais féin a íoc.

([1]) IO C 293, 4.9.2017.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Corneli v BCE**

**(Cás T-502/19)** ([1])

***(An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – An tAontas Baincéireachta – Téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa – Bearta luath-idirghabhála – Cinneadh an BCE Banca Carige a chur faoi riarachán sealadach – Caingean le haghaidh neamhniú – Caingean arna tabhairt ag scairshealbhóir – Seasamh dlíthiúil – Leas ar leith ó leas an bhainc – Inghlacthacht – Earráid dlí agus an bunús dlí á chinneadh – Léiriú comhsheasmach den dlí náisiúnta ag cúirt an Aontais – Teorainn – Toirmeasc ar an dlí náisiúnta a léiriú contra legem)***

(2022/C 463/30)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Francesca Corneli (Velletri, an Iodáil) (ionadaithe: M. Condinanzi, L. Boggio agus F. Ferraro, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: C. Hernández Saseta, A. Pizzolla agus G. Marafioti, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: V. Di Bucci, D. Triantafyllou agus A. Nijenhuis, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ECB-SSM-2019-ITCAR-11 ó BCE an 1 Eanáir 2019, lena gcuirtear Banca Carige SpA faoi riarachán sealadach, chomh maith le haon chinneadh ina dhiaidh sin, lena n-áirítear, go háirithe, Cinneadh ECB-SSM-2019-ITCAR - 13 ó BCE an 29 Márta, 2019, a shíneann go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 fad an riaracháin shealadaigh, a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar Cinneadh ECB-SSM-2019-ITCAR-11 ó BCE an 1 Eanáir 2019, lena gcuirtear Banca Carige SpA faoi riarachán sealadach, chomh maith le Cinneadh ECB-SSM-2019-ITCAR - 13 ó BCE an 29 Márta, 2019, a shíneann go dtí an 30 Meán Fómhair 2019 fad an riaracháin shealadaigh, a neamhniú.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) a chostais féin agus iad siúd a thabhaigh Francesca Corneli a íoc.

4) Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 312, 16.9.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Malacalza Investimenti v BCE**

**(Cás T-552/19 OP)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Cinneadh 2004/258/CE – Cinneadh BCE lena gcuirtear Banca Carige faoi riarachán sealadach – Diúltú rochtana – Eisceacht maidir le cosaint rúndacht faisnéise atá faoi phribhléid de bhua dhlí an Aontais – Toimhde ghinearálta rúndachta – Eisceacht maidir le leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh a chosaint, lena n-áirítear maoin intleachtúil – An coincheap "faisnéis rúnda" – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cur i gcoinne)***

(2022/C 463/31)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir sna príomhimeachtaí:* Malacalza Investimenti Srl (Genova, an Iodáil) (ionadaithe: P. Ghiglione, E. De Giorgi, L. Amicarelli agus S. Casini, Dlíodóirí)

*Cosantóir sna príomhimeachtaí:* An Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: A. Riso, F. von Lindeiner agus M. Van Hoecke, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó D. Sarmiento Ramírez-Escudero agus O. Pollicino, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 166(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, cuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i gcoinne bhreithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Malacalza Investimenti* v *BCE* (T-552/19, EU:T:2020:294), lena n-iarrtar go gcuirfear ar neamhní Cinneadh LS/LdG/19/185 ó BCE an 12 Meitheamh 2019 lena ndiúltaítear rochtain ar chinneadh ó Chomhairle Rialaithe BCE an 1 Eanáir 2019 lena gcuirtear Banca Carige SpA faoi riarachán sealadach, agus ar dhoiciméid ghaolmhara eile.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chur i gcoinne bhreithiúnas an 25 Meitheamh 2020, Malacalza Investimenti v BCE, T-552/19, EU:T:2020:294, arna thabhairt trí mhainneachtain, lena gcuirtear ar neamhní cinneadh BCE an 12 Meitheamh 2019 lena ndiúltaítear rochtain ar a chinneadh an 1 Eanáir 2019 lena gcuirtear Banca Carige SpA faoi riarachán sealadach agus ar dhoiciméid ghaolmhara eile agus, dá bhrí sin, seastar le neamhniú chinneadh BCE an 12 Meitheamh 2019 arna fhógairt leis an mbreithiúnas mainneachtana.

2) Ordaítear do BCE na costais a íoc.

---

([1]) IO C 328, 30.9.2019.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – LAICO v an Comhairle**

**(Cás T-627/20)** ([1])

***(Comhbheartas Eachtrach agus Slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Libia – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí atá faoi réir ag reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Earráid mheasúnaithe)***

(2022/C 463/32)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Libyan African Investment Company (LAICO) (Tripilí, an Libia) (ionadaithe: A. Bahrami agus N. Korogiannakis, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M.-C. Cadilhac agus V. Piessevaux, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní, sa chéad áit, Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1137 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO 2020 L 247, lch. 40) agus Cinneadh (CBES) 2021/1251 ón gComhairle an 29 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO 2021 L 272, lch. 71), a mhéid a gcoinnítear ainm an iarratasóra leo ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO 2015 L 206, lch. 34), agus, sa dara áit, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1130 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia (IO 2020 L 247, lch. 14) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1241 ón gComhairle an 29 Iúil 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO 2021 L 272, lch. 1), a mhéid a gcoinnítear ainm an iarratasóra leo ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 (IO 2016 L 12, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/1137 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus Cinneadh (CBES) 2021/1251 ón gComhairle an 29 Iúil 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia ar neamhní a mhéid a gcoinnítear ainm Libyan African Investment Company (LAICO) leo ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES;

2. Cuirtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1130 ón gComhairle an 30 Iúil 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1241 ón gComhairle an 29 Iúil 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ar neamhní a mhéid a gcoinnítear ainm LAICO leo ar liosta na n-eintiteas a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011;

3. Ordaítear go seasfaidh éifeachtaí Airteagal 1 de Chinneadh 2021/1251 i leith LAICO go dtí go dtéann an tréimhse chun achomharc a thionscnamh in éag, dá bhforáiltear in Airteagal 56(1) de Reacht Chúirt Bhreitiúnais an Aontais Eorpaigh, nó, má dhéantar achomharc a thionscnamh laistigh den tréimhse sin, go dtí dáta aon diúltaithe don achomharc sin;;

4. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

[1] IO C 443, 21.12.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Puma v EUIPO – CMS (CMS Italy)**

**(Cás T-711/20)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Clárú idirnáisiúnta lena n-ainmnítear an tAontas Eorpach – Marc fíortha CMS Italy – Marcanna fíortha idirnáisiúnta níos luaithe lena léirítear féilíneach ag léim ar chlé agus marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe PUMA – Foras coibhneasta le diúltú – Damáiste do chlú – Airteagal 8(5) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Comhchosúlacht na gcomharthaí – Cruthúnas clú – Measúnú foriomlán)***

(2022/C 463/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaí: P. González-Bueno Catalán de Ocón, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Ivanauskas agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* CMS Costruzione macchine speciali SpA (Alonte, an Iodáil) (ionadaithe: M. Salvador agus R. Brogi, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 24 Meán Fómhair 2020 (Cás R 2215/2019-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear ar neamhní Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 24 Meán Fómhair 2020 (Cás R 2215/2019-4) maidir leis na freasúraí atá bunaithe ar mharcanna níos luaithe Uimh 480 105 agus Uimh. 593 987.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do Puma SE, EUIPO agus CMS Costruzione macchine speciali SpA a gcostais féin a íoc.

[1] IO C 35, 1.2.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – European Dynamics Luxembourg v BCE**

**(Cás T-761/20)** [1]

***(Soláthar poiblí – Nós imeachta tairisceana – Eisiamh ó nós imeachta soláthair – Tairiscint thar a bheith íseal – Iarrachtaí tionchar míchuí a imirt ar an bpróiseas cinnteoireachta – Neamhchomhlíonadh rialacha cumarsáide – Comhréireacht – Oibleagáid cúiseanna a lua – Mí-úsáid cumhachtaí – Dliteanas neamhchonarthach)***

(2022/C 463/34)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* European Dynamics Luxembourg SA (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaithe: M. Sfyri agus M. Koutrouli, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: I. Koepfer agus J. Krumrey, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó A. Rosenkötter, Dlíodóir)

**Ábhar**

Trína chaingean, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, ar bhonn Airteagal 263 CFAE, sa chéad áit go gcuirfí cinneadh ón gCoiste um Sholáthar Rialtais an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) an 1 Deireadh Fómhair 2020 gan na tairiscintí a cuireadh isteach le haghaidh na dtrí mhír tairsceana a áireamh i gcomhthéacs an ghlao ar thairiscintí chun seirbhísí a sholáthar agus cur chun feidhme oibreacha chun feidhmchláir ríomhaireachta a sheachadadh ar neamhní, sa dara háit, go gcuirfí Cinneadh ó Údarás Faireacháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) an 9 Nollaig 2020 ar neamhní, agus sa tríú háit, go gcuirfí gach cinneadh gaolmhar ina dhiaidh sin ón BCE ar neamhní, agus ar an dara dul síos, ar bhonn Airteagal 268 CFAE, ar chúiteamh as an damáiste arna tharlú mar thoradh ar an eisiamh sin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do European Dynamics Luxembourg SA na costais a íoc.

---

[1] IO C 88, 15.3.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 –Van Walle v ECDC**

**(Cás T-83/21)** [1]

***(Seirbhís Shibhialta – Foireann shealadach – Baill foirne ECDC – Cinneadh gan conradh a athnuachan – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Mí-úsáid cumhachtaí – Dualgas cúraim – Ceart chun éisteachta – Caingean le haghaidh neamhniú agus cúitimh)***

(2022/C 463/35)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ivo Van Walle (Järfälla, an tSualainn) (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ionadaithe: J. Mannheim, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó D. Waelbroeck agus A. Duron, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí an cinneadh ón **Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú** (ECDC) an 30 Márta 2022 nár athnuadh a chonradh mar ghníomhaire sealadach a neamhniú, ar an dara dul síos, agus go príomha, go n-ordófar do ECDC an pá glan a séanadh air a íoc le héifeacht chúlghabhálach ó dháta athnuachana a chonartha go dtí dáta a athchuir sa tseirbhís agus, ar bhonn malartach, a ordú do ECDC cúiteamh a íoc as an damáiste ábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sé agus, ar an tríú dul síos, cúiteamh a íoc as an damáiste neamhábhartha a líomhnaítear a d'fhulaing sé tar éis an chinnidh gan a chonradh a athnuachan.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Ivo Van Walle na costais a íoc.

([1]) IO C 48, 26.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Paesen v SEGS**

**(Cás T-88/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Oifigeach – Foireann SEGS sannta chuig tríú tír – Ceann toscaireachta – Tréimhse phromhaidh don bhainistíocht – Tuarascáil mheasúnaithe deiridh den tréimse phromhaidh don bhainistíocht – Gníomh nach bhfuil éifeacht dhochrach ag baint leis – Do-ghlacthacht – Athshannadh ar phost neamhbhainistíochta ag ceanncheathrú SEGS – Oibleagáid cúiseanna a lua – Ceart éisteacht a fháil – Coinníollacha chun Airteagal 11 de Chinneadh C(2008) 5028/2 ón gCoimisiún an 9 Meán Fómhair 2008 i leith na meán-bhainistíochta a chur i bhfeidhm i leith ceann toscaireachta – Mainneachtain doiciméid a chur sa chomhad pearsanta – Leas na seirbhíse – Mí-úsáid cumhachta – Iarraidh ar chúnamh – Cinneadh lena ndiúltaítear don iarraidh – Dliteanas)***

(2022/C 463/36)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Sandra Paesen (Beersel, an Bheilg) (ionadaí: M. Casado García-Hirschfeld, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (ionadaithe: S. Marquardt agus R. Spáč, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar thaobh amháin, go gcuirfear ar neamhní, sa chéad áit, an tuarascáil mheasúnaithe deiridh den tréimhse phromhaidh don bhainistíocht a bhaineann léi, sa dara háit, Cinneadh Sheirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) an 10 Aibreán 2020 lena n-athshanntar í ar phost neamhbhainistíochta, sa tríú háit, Cinneadh SEGS an 12 Bealtaine 2020 lena ndiúltaítear d'iarraidh ar chúnamh an iarratasóra agus, ar an taobh eile, go gcúiteofar an damáiste airgeadais agus neamhábhartha a mhaíonn an t-iarratasóir gur fhulaing sí.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Sandra Paesen na costais a íoc.

([1]) IO C 138, 19.4.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Magnetec v EUIPO (Gorm éadrom)**

**(Cás T-168/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh arb é atá ann scáth gorm éadrom – Dearbhfhoras le diúltú – Easpa leithleachais – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Teorainn le táirgí arna n-ainmniú ag an iarratas ar thrádmharc – Airteagal 49(1) de Rialachán 2017/1001 – Ceanglais maidir le soiléireacht agus beachtas – Airteagal 33 (2) de Rialachán 2017/1001 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Airteagal 94(1) de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 463/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Magnetec GmbH (Langenselbold, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Kloth, R. Briske agus D. Habel, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Eberl agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Eanáir 2021 (Cás R 217/2020-4).

**Dispositif**

1) Cuirtear cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Eanáir 2021 (Cás R 217/2020-4) ar neamhní.

2) Ordaítear do EUIPO na costais a íoc.

([1]) IO C 217, 7.6.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Agrofert v an Pharlaimint**

**(Cás T-174/21)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Doiciméid a bhaineann leis an imscrúdú i gcoinne iarPhríomh Aire Phoblacht na Seice maidir le mí-úsáid chistí an Aontais agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann – Diúltú do rochtain a thabhairt – Eisceacht a bhaineann le cosaint chuspóir na gcigireachtaí, imscrúdaithe agus iniúchtaí – Dul in éag páirteach den leas chun imeachtaí a thionscnamh – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais ina iomlán – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 463/38)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Agrofert, a.s. (Prág, Poblacht na Seice) (ionadaí: S. Sobolová, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: N. Görlitz, J.-C. Puffer agus O. Hrstková Šolcová, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraí, mar thaca leis an gcosantóir*: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, M. Salyková agus J. Hradil, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh A(2019) 8551 C (D 300153) ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2021, ar dhiúltaigh sí trí bhíthin an chinnidh sin rochtain a thabhairt don iarratasóir ar dhá dhoiciméad a bhaineann leis an imscrúdú i gcoinne iarPhríomh Aire Phoblacht na Seice maidir le mí-úsáid chistí an Aontais agus coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá a thuilleadh rialú a dhéanamh ar an iarratas go gcuirfí Cinneadh A(2019) 8551 C (D 300153) ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2021 ar neamhní, a mhéid ar diúltaíodh leis do rochtain a thabhairt ar thuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019, a bhfuil ARES (2019) 7370050 mar thagairt leis, a bhaineann leis an iniúchadh ar fheidhmiú na gcóras bainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm i bPoblacht na Seice chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint;

2. Diúltaítear don chuid eile den chaingean;

3. Ordaítear do Agrofert, a.s. a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an bParlaimint;

4. Ordaítear don Choimisiún Eorpach a chostais féin a íoc.

---

(1) IO C 206, 31.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Shopify v EUIPO – Rossi agus páirtithe eile (Shoppi)**

**(Cás T-222/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Shoppi" – Iar-Fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "SHOPIFY" – Foras coibhneasta le diúltú – Easnamh baoil mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus 53(1)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) agus 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Easpa saincháilíochta arna méadú ar an iar-thrádmharc – Comhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as Euratom)***

(2022/C 463/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Shopify Inc. (Ottawa, Ontario, Ceanada) (ionadaithe: S. Völker agus M. Pemsel, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: V. Ruzek, Gníomhaire)

*Páirtithe eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Massimo Carlo Alberto Rossi (Fiano, an Iodáil), Salvatore Vacante (Beirlín, an Ghearmáin), Shoppi Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: V. Roth agus A. Hogertz, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir Cinneadh an Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Feabhra 2021 (Cás R 785/2020-2) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Shopify Inc. na costais a íoc.

---

(1) IO C 228, 14.6.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – SV v BEI**

**(Cás T-311/21)** ([1])

***(Seirbhís Shibhialta – Baill foirne BEI – Measúnú ar fheidhmíocht – Ardú céime – Achomharc riaracháin – Nós imeachta speisialta is infheidhme maidir le cinntí meastóireachta – Riail maidir le comhréireacht idir an t-achomharc riaracháin agus an iarraidh ina dhiaidh sin – Déine an athbhreithnithe – Oibleagáid cúiseanna a lua – Ceart chun éisteachta – Earráid fhollasach measúnaithe – Freagracht)***

(2022/C 463/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* SV (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: K. Carr agus G. Faedo, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE agus ar Airteagal 50a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí a dhoiciméad feidhmíochta 2019 a neamhniú mar aon le cinntí a glacadh ina dhiaidh sin faoin nós imeachta speisialta d'achomhairc is infheidhme maidir le cinntí meastóireachta ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as aon damáistí a d'fhulaing sé dá bharr.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do SV na costais a íoc.

([1]) IO C 329, 16.8.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Oi Dromoi tis Elias v an Coimisiún**

**(Cás T-352/21)** ([1])

***(Dlí institiúideach – Comhpháirtí a roghnú le haghaidh chur chun feidhme ghníomhaíochtaí Europe Direct (2021-2025) sa Ghréig – Nós imeachta maidir le glao ar thograí – Critéar incháilitheachta – Diúltú d'iarrthóireacht)***

(2022/C 463/41)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Politistikos Organismos Oi Dromoi tis Elias (Kalamata, an Ghréig) (ionadaí: S. Vardalas, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Bouchagiar agus F. Erlbacher, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh Ares (2021) 2580204 a áirítear sa litir ón gCoimisiún Eorpach an 16 Aibreán 2021 lena gcuirtear in iúl dó gur diúltaíodh dá thógra mar chuid de nós imeachta roghnúcháin na gcomhpháirtithe a bhfuil freagracht na ceannaireachta orthu i leith ghníomhaíochtaí chlár Europe Direct sa Ghréig (ED-GREECE-2020).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Politistikos Organismos Oi Dromoi tis Elias a chostais féin a íoc chomh maith leis na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach.

---

([1]) IO C 357, 6.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Aldi Einkauf v EUIPO – Cantina sociale Tollo (ALDIANO)**

**(Cás T-429/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh ALDIANO – Focalmharcanna an Aontais Eorpaigh níos luaithe agus clárú idirnáisiúnta focail níos luaithe ALDI – Fíorúsáid an mhairc níos luaithe – Airteagal 64 de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/42)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Aldi Einkauf SE & Co. OHG (Essen, an Ghearmáin) (ionadaithe: C. Fürsen, M. Minkner agus A. Starcke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Gája, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Cantina sociale Tollo SCA (Tollo, an Iodáil) (ionadaithe: F. Celluprica, F. Fischetti agus F. De Bono, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Bealtaine 2021 (Cás R 1074/2020-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Bealtaine 2021 (Cás R 1074/2020-4) ar neamhní.

2) Ordaítear do EUIPO a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Aldi Einkauf SE & Co. OHG a íoc.

3) Ordaítear do Cantina sociale Tollo SCA a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 357, 6.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – G-Core Innovations v EUIPO – Coretransform (G CORELABS)**

**(Cás T-454/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh G CORELABS – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe CORE – Forais choibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois))***

(2022/C 463/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* G-Core Innovations Sàrl (Contern, Lucsamburg) (ionadaí: L. Axel Karnøe Søndergaard, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: E. Nicolás Gómez agus D. Gája, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Coretransform GmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: U. Hildebrandt, Dlíodóir)

## Ábhar

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 10 Bealtaine 2021 (Cás R 22/2021-2) ("an cinneadh a chonspóidtear") ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do G-Core Innovations Sàrl na costais a íoc.

---

([1]) IO C 368, 13.9.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Vasallo Andrés v an Pharlaimint**

**(Cás T-496/21)** ([1])

***(Dlí institiúideach – Coiste um Achainíocha na Parlaiminte – Achainí maidir leis an gcóras araíonachta i leith fostaithe poiblí sa Spáinn – Ceist nach dtagann faoi réimse gníomhaíochtaí an Aontais – Oibleagáid cúiseanna a lua – Coinbhleacht leasa – Cur ar líne stádas achainí ar thairseach Idirlín achainíocha na Parlaiminte)***

(2022/C 463/44)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Ángel Vasallo Andrés (Valladolid, an Spáinn) (ionadaí: F. J. González Álvarez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Pharlaimint Eorpach (ionadaithe: P. López-Carceller agus I. Liukkonen, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní Cinneadh D 200663 ó Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh an 17 Bealtaine 2021 agus arna fhógairt an 8 Meitheamh 2021, lena ndearbhaítear go bhfuil a achainí (Uimh. 99/2021) maidir leis an gcóras araíonachta i leith fostaithe poiblí sa Spáinn do-ghlactha.

## An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Ángel Vasallo Andrés na costais a íoc.

---

([1]) IO C 422, 18.10.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Grieger v an Coimisiún**

**(Cás T-517/21)** ([1])

***(Seirbhís shibhialta – Oifigigh – Ar iasacht – Gealltanas d'athshannadh ar phost meánbhainistíochta ag deireadh na hiasachta – Iarraidh ar athshannadh – Leas na seirbhíse – Oibleagáid cúiseanna a lua – Ionchais dhlisteanacha – Dualgas cúraim)***

(2022/C 463/45)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Vladimir Grieger (an Bhruiséil, an Bheilg) (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Brauhoff agus L. Vernier, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear ar neamhní Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 29 Deireadh Fómhair 2020 lena ndiúltaítear dá iarraidh ar athshannadh ar phost meánbhainistíochta agus, a mhéid is gá, Cinneadh an 11 Bealtaine 2021 lena ndiúltaítear dá ghearán agus, ar an dara dul síos, go gcúiteofar an damáiste ábhartha a mhaíonn sé a bheith fulaingthe aige mar thoradh ar iompar an Choimisiúin.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Vladimir Grieger na costais a íoc.

([1]) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Saure v an Coimisiún**

**(Cás T-524/21)** ([1])

***(Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Comhfhreagras an Choimisiúin le AstraZeneca agus leis na húdaráis Ghearmánacha maidir le cainníocht agus uaireanta seachadta vacsaíní in aghaidh COVID-19 – Eisceacht maidir le himeachtaí cúirte a chosaint – Doiciméid arna soláthar i gcomhthéacs imeachtaí cúirte arna ndúnadh tráth ghlactha an chinnidh lena ndiúltaítear rochtain orthu – Eisceacht a bhaineann le cosaint príobháideachais agus iomláine an duine aonair – Eisceacht a bhaineann le cosaint leasanna tráchtála tríú páirtí)***

(2022/C 463/46)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hans-Wilhelm Saure (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Partsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, K. Herrmann agus A. Spina, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, Cinneadh C(2021) 5327 final ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021, lena ndiúltaítear d'iarratas deimhniúcháin ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid áirithe a chur ar neamhní, agus ar an dara dul síos, Cinneadh C(2022) 870 final ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 lena ndiúltaítear rochtain ar dhoiciméid áirithe a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Níl gá le breith a thabhairt a thuilleadh ar an éileamh Cinneadh C(2021) 5327 Final ón gCoimisiún an 13 Iúil 2021 lena ndiúltaítear d'iarratas deimhniúcháin ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid áirithe a chur ar neamhní.

2. Cuirtear Cinneadh C(2022) 870 final ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022 ar neamhní, a mhéid a dhiúltaítear leis rochtain a thabhairt do Hans-Wilhelm Saure ar na doiciméid seo a leanas;

— iarscríbhinn a ghabhann le tairiscint arna taisceadh ag AstraZeneca (doiciméad Uimh. 1.2);

— doiciméad ón 12 Meitheamh 2020 arna mhalartú idir AstraZeneca agus rialtais iliomad Ballstát chun caibidlíochta a dhéanamh ar chonradh maoinithe agus chun a thabhairt i gcrích (doiciméad Uimh. 2);

— dréacht de chonradh maoinithe arna sheoladh ag AstraZeneca an 24 Meitheamh 2020 le rialtais iliomad Ballstát (doiciméad Uimh. 3);

— doiciméad ón 20 Samhain 2022 maidir leis an dara íocaíocht tráthchoda dár foráladh sa chomhaontú réamhcheannaigh arna thabhairt i gcrích le AstraZeneca (doiciméad Uimh. 5);

— ábhar na gcur i láthair arna úsáid ag AstraZeneca le linn chruinnithe an Choiste Stiúrtha an 4 Nollaig 2020, an 22 Eanáir, an 1, 11, 19 agus 23 Feabhra agus an 11 Márta 2021 (doiciméad 6);

— ábhar an chur i láthair arna úsáid ag AstraZeneca le linn chruinniú an 7 Nollaig 2020 (doiciméad Uimh. 7);

— ábhar an chur i láthair arna úsáid ag AstraZeneca le linn chruinniú an 19 Eanáir 2021 (doiciméad Uimh. 8);

— doiciméad maidir le dátaí seachadta na vacsaíní (doiciméad Uimh. 9) agus cúig iarscríbhinn (doiciméid Uimhr. 9.1 go 9.5);

— ábhar an chur i láthair arna úsáid ag AstraZeneca le linn chruinniú an Choiste Stiúrtha an 25 Eanáir 2021 (doiciméad Uimh. 10);

— cuid de na ríomhphoist arna malartú idir an Coimisiún agus AstraZeneca an 27 Iúil 2020 (doiciméad Uimh. 11);

3. Díbhtear an chaingean i ndáil leis an méid atá fágtha;

4. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

---

([1]) IO C 412, 11.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – bett1.de v EUIPO – XXXLutz Marken (BODY STAR)**

**(Cás T-537/21)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh BODY STAR – Focalmharc an Aontais Eorpaigh níos luaithe Bodyguard – Focalmharc náisiúnta níos luaithe Bodyguard – Foras coibhneasta leis an diúltú – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/ 1001)***

(2022/C 463/47)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* bett1.de GmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (iondaí: O. Brexl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaithe: E. Markakis agus M. Eberl, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* XXXLutz Marken GmbH (Wels, an Ostair) (ionadaí: H. Pannen, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Trína ghníomhaíocht atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Meitheamh 2021 (cásanna uamtha R 1711/2020-2 agus R 1727/2020-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Meitheamh 2021 (cásanna uamtha R 1711/2020-2 agus R 1727/2020-2) a neamhniú a mhéid a bhaineann sé le "[t] ochtanna; tacaí tochta; leapacha; frámaí leapa; bunanna lataí le haghaidh leapacha; cóir leapa (seachas éadaí leapa); cúisíní; piliúir; piliúir ar mhaithe le compord muiníl; leapacha uisce seachas chun críocha leighis; tochtanna aeir" a thagann faoi aicme 20 agus "[f]allaingeacha leapa; éadaí leapa agus pluideanna; fabraic tochta; clúdaigh le haghaidh tochtanna; clúdaigh le haghaidh tochtanna agus piliúr; málaí codlata" a thagann faoi aicme 24.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

(1) IO C 422, 18.10.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – the airscreen company v EUIPO – Moviescreens Rental (airframe)**

**(Cás T-539/21)** (1)

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Marc fíortha airframe – Dearbhfhorais le diúltú – Éagmais cineáil thuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Sainchháilíocht – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 463/48)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: the airscreen company GmbH & Co. KG (Münster, an Ghearmáin) (iondadaithe: O. Spieker, A. Schönfleisch agus D. Mienert, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaithe: T. Klee agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Moviescreens Rental GmbH (Damme, an Ghearmáin) (iondadaithe: D. Schulz agus P. Stelzig, Dlíodóirí)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 1 Iúil 2021 (Cás R 63/2021-4) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do the airscreen company GmbH & Co. KG na costais a íoc.

(1) IO C 422, 18.10.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Copal Tree Brands v EUIPO – Sumol + Compal Marcas (COPAL TREE)**

**(Cás T-572/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh COPAL TREE – Marc fíortha náisiúnta níos luaithe COMPAL – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Comhchosúlacht na gcomharthaí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/49)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Copal Tree Brands, Inc. (Oakland, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: B. Niemann Fadani, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus J. Ivanauskas, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Sumol + Compal Marcas, SA (Carnaxide, an Phortaingéil) (ionadaí: A. de Sampaio, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 6 Iúil 2021 (Cás R 1580/2020-2) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Copal Tree Brands, Inc. na costais a íoc.

([1]) IO C 462, 15.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Serrano Velázquez v an Pharlaimint**

**(Cás T-589/21)** ([1])

***(Dlí institiúideach – Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa – Achainí maidir le sárú ag na húdaráis Spáinneacha ar dhlí an Aontais maidir le cearta bunúsacha – Cinneadh an achainí a fhoirceannadh – Oibleagáid cúiseanna a lua)***

(2022/C 463/50)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* María Teresa Serrano Velázquez (Sevilla, an Spáinn) (ionadaí: F. B. Vázquez Sánchez, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: P. López-Carceller agus I. Liukkonen, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena caingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar ceal Cinneadh D 304048 ó Choiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa, arna ghlacadh an 8 Meitheamh 2021 agus arna fhógairt an 13 Iúil 2021, lenar dearbhaíodh go raibh an achainí (Uimh. 242/2021) maidir le sárú ar bhearta chun sceithirí in ábhar éilithe faoina measann gur fhulaing siad a chosaint agus chun a gcearta bunúsacha a ráthú.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do María Teresa Serrano Velásquez na costais a íoc.

---

([1]) IO C 481, 29.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – bett1.de v EUIPO – XXXLutz Marken (Body-Star)**

**(Cás T-599/21)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Body-Star – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh níos luaithe Bodyguard – Foras coibhneasta leis an diúltú – Airteagal 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 8(1)(b) den Rialachán sin)***

(2022/C 463/51)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* bett1.de GmbH (Beirlín, an Ghearmáin) (iondaí: O. Brexl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaithe: M. Eberl agus E. Markakis, i gcáil Gníomhairí)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* XXXLutz Marken GmbH (Wels, an Ostair) (ionadaí: H. Pannen, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Trína ghníomhaíocht atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 14 Iúil 2021 (cás R 1712/2020-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Iúil 2021 (cás R 1712/2020-2) a neamhniú a mhéid a bhaineann sé le "[t]ochtanna; tacaí tochta; leapacha; frámaí leapa; bunanna lataí le haghaidh leapacha; cóir leapa (seachas éadaí leapa); cúisíní; piliúir; piliúir ar mhaithe le compord muiníl; leapacha uisce; tochtanna aeir" a thagann faoi aicme 20 agus "[f]allaingeacha leapa; éadaí leapa agus pluideanna; fabraic tochta; clúdaigh le haghaidh tochtanna; clúdaigh le haghaidh tochtanna agus piliúr; málaí codlata" a thagann faoi aicme 24.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

---

([1]) IO C 452, 8.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – WV v CdT**

**(Cás T-618/21)** ([1])

***(Seirbhís shibhialta – Gníomhairí sealadacha – Saoire bhreoiteachta – Neamhláithreachtaí gan údar – Foirceannadh conartha gan fógra – Airteagal 16 de CEOS – Airteagal 48(b) de CEOS – Dliteanas)***

(2022/C 463/52)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* WV (ionadaithe: L. Levi agus A. Champetier, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Garnier, Gníomhaire, le cúnamh ó B. Wägenbaur, Dlíodóir)

## Ábhar

Lena chaingean faoi Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfear ar neamhní Cinneadh Stiúrthóir Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) an 26 Samhain 2020 lena gcuirtear deireadh lena fhostaíocht bhuan gan fógra, agus, a mhéid is gá, Cinneadh an 17 Meitheamh 2021 lena ndiúltaítear dá ghearán agus, ar an dara dul síos, go gcúiteofar an damáiste a mhaíonn sé a bheith fulaingthe aige mar thoradh ar na cinntí sin.

## An chuid oibríochtúil

1) Cuirtear ar neamhní Cinneadh an 26 Samhain 2020, lenar chuir Stiúrthóir Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CdT) deireadh le fostaíocht WV mar ghníomhaire sealadach.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do CdT na costais a íoc.

(1) IO C 462, 15.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – L. Oliva Torra v EUIPO – Mecánica del Frío (Nascairí d'fheithiclí)**

**(Cás T-652/21)** (1)

***(Dearadh comhphobail – Imeachtaí neamhbhailíochta – Dearadh comhphobail cláraithe lena léirítear nascaire chun trealamh cuisneoireachta nó aerchóiriúcháin le feithicil mótair – Cúis le neamhbhailiú – Úrnuacht – Gné shainiúil – Airteagail 5 agus 6 agus 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Nochtadh iar-dhearadh – Airteagal 7 de Rialachán Uimh. 6/2002 – Raon feidhme an iarratais ar neamhbhailíocht – Dearadh táirgthe i ndiaidh don iarratas ar neamhbhailíocht a bheith taiscthe – Airteagal 28(1)(b),(i),(v) agus (vi) de Rialachán (CE) Uimh. 2242/2002)***

(2022/C 463/53)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* L. Oliva Torras, SA (Manresa, an Spáinn) (ionadaí: E. Sugrañes Coca, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Crespo Carrillo, Gníomhaire)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir cinneadh an Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 27 Lúnasa 2021 (Cás R 1306/2020-3).

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do L. Oliva Torras S.A. na costais a íoc.

(1) IO C 481, 29.11.2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – H/2 Credit Manager v EUIPO – Hcapital Partners SCR (H/2 CAPITAL PARTNERS)**

**(Cás T-656/21)** ([1])

***(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh H/2 CAPITAL PARTNERS – Marc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh HCapital – Foras coibhneasta leis an diúltú – Pobal ábhartha – Baol mearbhaill – Cosúlacht idir comharthaí – Cosúlacht idir seirbhísí – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/ 1001)***

(2022/C 463/54)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* H/2 Credit Manager LP (Stamford, Connecticut, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: S. Malynicz, Abhcóide, agus N. Schmitz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaí: J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idirghabháil os comhair na Cúirte Ginearálta:* Hcapital Partners SCR, SA (Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaí: V. Stilwell de Andrade, Dlíodóir)

**Maidir le:**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Iúil 2021 (cás R 1954/2019-5) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do H/2 Credit Manager LP na costais a íoc.

([1]) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Zegers v an Coimisiún**

**(Cás T-663/21)** ([1])

***(Státseirbhís – Oifigigh – Pinsean scoir – Aistriú ceart pinsin náisiúnta – Coinníoll dílsithe roimh dhul isteach i seirbhís an Aontais – Aithint ón údarás náisiúnta ar thréimhse tar éis dhul isteach i seirbhís an Aontais)***

(2022/C 463/55)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Tanja Zegers (Hoeilaart, an Bheilg) (ionadaí: C. Bernard-Glanz, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Mongin agus M. Brauhoff, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis an gcaingean de bhonn Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí cinneadh ón gCoimisiún an 3 December 2020, lena ndiúltaíodh dá hiarratas go n-aistreofaí chuig an Aontas Eorpach na cearta pinsin a bhí faighte aici san Ísiltír, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean;

2. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

(1) IO C 24, 17.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Les Bordes Golf International v EUIPO – Mast-Jägermeister (LES BORDES)**

**(Cás T-696/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh LES BORDES – Marc fíortha idirnáisiúnta níos luaithe lena léirítear, inter alia, ceann carria – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/56)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Les Bordes Golf International (Saint-Laurent-Nouan, an Fhrainc) (ionadaí: M. Maier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Mast-Jägermeister SE (Wolfenbüttel, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Drzymalla, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 1 Meán Fómhair 2021 (Cás R 67/2021-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Les Bordes Golf International na costais a íoc.

(1) IO C 2, 3.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Associação do Socorro e Amparo v EUIPO – De Bragança (quis ut Deus)**

**(Cás T-752/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh quis ut Deus – Easpa fíorusáid a bhaint as an trádmharc – Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/57)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Associação do Socorro e Amparo (Liospóin, an Phortaingéil) (ionadaí: J. Motta Veiga, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: I. Ribeiro da Cunha agus D. Gája, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO:* Duarte Pio De Bragança (Sintra, an Phortaingéil)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 581/2021-4).

**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 21 Deireadh Fómhair 2021 (Cás R 581/2021-4) ar neamhní a mhéid ar cuireadh cinneadh ón Rannán Cúlghairme an 29 Eanáir 2021 ar neamhní go páirteach leis.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do EUIPO a chostais féin a íoc chomh maith le costais Associação do Socorro e Amparo.

---

([1]) IO C 37, 24.1.2022.

---

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – just-organic.com v EUIPO (JUST ORGANIC)

**(Cás T-802/21)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh JUST ORGANIC – Dearbhfhoras le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2022/C 463/58)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* just-organic.com GmbH (Essen, an Ghearmáin) (iondaí: C. Menebröcker, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (iondadaí: D. Hanf, Gníomhaire)

**Maidir le:**

Trína ghníomhaíocht atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 20 Deireadh Fómhair 2021 (cás R 1010/2021-2) a neamhniú.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do just-organic.com GmbH na costais a íoc.

---

([1]) IO C 73, 14.2.2022.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – Labaš v EUIPO (FRESH)**

**(Cás T-58/22)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh FRESH – Dearbhfhorais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Easpa sainch※áilíochta – Airteagal 7(1)(b) de Rialachán 2017/1001)***

(2022/C 463/59)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Miroslav Labaš (Košice, an tSlóvaic) (ionadaí: M. Vasiľ, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M. Eberl agus T. Klee, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Miroslav Labaš, go ndéanfar an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d’Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 24 Samhain 2021 (Cás R 610/2021-1) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Miroslav Labaš na costais a íoc.

---

([1]) IO C 138, 28.3.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – Dragnea v an Coimisiún**

**(Cás T-738/18 RENV)** [1]

***(Imscrúduithe seachtracha OLAF – Diúltú rochtana ar chomhad imscrúdaithe OLAF – An gníomh a chonspóidtear a tharraingt siar agus a ionadú – Dul in éag ábhar na díospóide – Easpa gá breithiúnas a thabhairt)***

(2022/C 463/60)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Liviu Dragnea (Búcairist, an Rómáin) (ionadaithe: C. Toby, O. Riffaud agus B. Entringer, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, J. Baquero Cruz agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go gcuirfí litir ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) an 1 Deireadh Fómhair 2018, lenar dhiúltaigh OLAF, ar an gcéad dul síos, imscrúdú a oscailt ar an mbealach a rinne sé dhá imscrúdú agus, ar an dara dul síos, rochtain ar roinnt doiciméad a thabhairt dó, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Níl gá a thuilleadh an chaingean a bhreithniú.

2) Ordaítear do Liviu Dragnea agus don Choimisiún Eorpach a gcostais féin a íoc maidir leis na himeachtaí ag an gcéad chéim agus na himeachtaí tarchurtha os comhair na Cúirte Ginearálta.

(1) IO C 65, 18.2.2019.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Homoki v an Coimisiún**

**(Cás T-517/19 INTP)** (1)

***(Léiriú ar bhreithiúnas – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/61)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Andrea Homoki (Gyál, an Ungáir) (ionadaí: T. Hüttl, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: B. Béres agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

**Maidir le:**

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 168 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta léiriú a dhéanamh ar bhreithiúnas an 1 Meán Fómhair 2021, *Homoki* v *an Coimisiún* (T-517/19, nár foilsíodh, EU:T:2021:529).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas ar léiriú toisc é a bheith do-ghlactha.

2. Ordaítear do Andrea Homoki na costais a íoc.

(1) IO 2019 C 328.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – KRBL v EUIPO – P.K. Overseas (INDIA SALAM Pure Basmati Rice)**

**(Cás T-45/20)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais – Imeachtaí freasúra – Dul in éag chlárú idirnáisiúnta an mhairc dá ndéantar an t-iarratas ina leith – Caingean nach bhfuil cuspóir léi a thuilleadh – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 463/62)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* KRBL Ltd (Deilí, an India) (ionadaí: J. Schmidt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Crawcour, J. Crespo Carrillo agus V. Ruzek, i gcáil Gníomhairí)

*Páirti eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* P.K. Overseas Pte Ltd (Singeapór, Singeapór)

**Maidir le:**

Leis an gcaingean ar bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní an cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Samhain 2019 (Cás R 766/2019-4).

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá breith a thabhairt ar an gcás a thuilleadh.

2. Íocfaidh KRBL Ltd agus Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a gcostais féin.

---

(1) IO 2020 C 77, 9.3.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Meán Fómhair 2022 – Primagra agus Mlékárna Hlinsko v an Coimisiún**

**(Cásanna Uamtha T-101/21 agus T-213/21)** (1)

***(Caingne le haghaidh neamhniú – Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – CFRE – Ciste Comhtháthaithe – CSE – Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 – Litir i leith na hoibre leantaí ar mholtaí arna leagadh amach ag an gCoimisiún san iniúchadh dá chuid ar choinbhleachtaí leasa a líomhnaítear – Gníomh nach bhfuil faoi réir achomhairc – Gníomh ullmhúcháin – Do-ghlacacht)***

(2022/C 463/63)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Primagra a.s. (Milín, Poblacht na Seice) (Cás T-101/21), Mlékárna Hlinsko a.s. (Hlinsko, Poblacht na Seice) (Cás T-213/21) (ionadaithe: S. Sobolová agus O. Billard, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Hradil agus M. Salyková, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Leis na caingne de bhonn Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí an litir ón gCoimisiún Eorpach dar dáta an 22 Deireadh Fómhair 2020 a seoladh chuig Poblacht na Seice, dar teideal “Obair leantach ar iniúchadh Uimh. REGC414CZ0133” agus Ares(2020) 5759350 mar thagairt léi, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear do na caingne.

2. Ordaítear do Primagra a.s. agus Mlékárna Hlinsko a.s. na costais a íoc.

---

(1) IO C 163, 3.5.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Deireadh Fómhair 2022 – Associazione “Terra Mia Amici No Tap” v BEI**

**(Cás T-514/21)** (1)

***(Caingean a bhaineann le mainneachtain gníomhú – Comhshaol – Maoiniú na Píblíne Trasanatólaí – Rún Bhord Stiúrthóirí BEI lena bhfaomhtar an maoiniú – Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 – Iarraidh ar athbhreithniú inmheánach – Freagra tar éis thionscnamh na caingne – Iarratas ar urghaire – Easpa dlínse – Agóid do-ghlacachta – Ní gá breith a thabhairt)***

(2022/C 463/64)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Associazione “Terra Mia Amici No Tap” (Melendugno, an Iodáil) (ionadaí: A. Calò, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: T. Gilliams, G. Faedo agus K. Carr, Gníomhairí, le cúnamh ó A. Dal Ferro, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 265 CFAE, iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta, sa chéad áit, a aithint gur ghníomhaigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) go mídhleathach trína mhainneachtain maidir lena iarratas ar athbhreithniú inmheánach an 19 Nollaig 2020 i leith Chinneadh BEI an 6 Feabhra 2018 maidir le maoiniú an tionscadail Píblíne ón nGréig go dtí an Iodáil tríd an Albáin agus an mhuir Aidriad agus an comhaontú iasachta arna shíniú an 30 Samhain 2018 de bhun an chinnidh sin agus, sa dara háit, a cheangal ar BEI an iasacht sin a aistarraingt.

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní gá breith a thabhairt a thuilleadh ar chéad chuntar éileamh Associazione "Terra Mia Amici No TAP" lena n-iarrtar go n-aithnítear gur ghníomhaigh an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) go mídhleathach trína mhainneachtain maidir lena iarratas ar athbhreithniú inmheánach an 19 Nollaig 2020 i leith Chinneadh BEI an 6 Feabhra 2018 maidir le maoiniú an tionscadail Píblíne ón nGréig go dtí an Iodáil tríd an Albáin agus an mhuir Aidriad agus an comhaontú iasachta arna shíniú an 30 Samhain 2018 de bhun an chinnidh sin.

2) Diúltaítear don chuid eile den chaingean.

3) Ordaítear do BEI a chostais féin a íoc chomh maith le costais Associazione "Terra Mia Amici No TAP".

---

([1]) IO C 431, 25.10.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 15 Meán Fómhair 2022 – European Paper Packaging Alliance v an Coimisiún**

**(Cás T-518/21)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Comhshaol – Treoirlínte ón gCoimisiún maidir le táirgí plaisteacha aonúsáide – Treoir (AE) 2019/904 – Tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/65)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* European Paper Packaging Alliance (Háig, an Ísiltír) (ionadaithe: F. Di Gianni agus A. Scalini, Dlíodóirí)

*Cosantóir(í):* Coimisiún Eorpach (ionadaí: L. Haasbeek, i gcáil Gníomhaire)

**Maidir le:**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, tá an t-iarratasóir, an Comhaontas Eorpach um Pacáistiú Páipéir, ag iarraidh go ndéanfaí pointí 2.1.2 agus 2.2.1 agus Táblaí 4-2 agus 4-8 de threoirlínte an Choimisiúin maidir le táirgí plaisteacha aonúsáide a chur ar neamhní i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/904 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol a laghdú (IO 2021 C 216, lch. 1) ("na treoirlínte a chonspóidtear").

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an chaingean a dhíbhe mar chaingean do-ghlactha.

2. Ní gá rialú a dhéanamh ar na hiarratais ar idiragairt a dhéanfaidh Ríocht na hÍsiltíre, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

3. Íocfaidh European Paper Packaging Alliance a chostais féin agus íocfaidh sé na costais a thabhóidh an Coimisiún Eorpach ach amháin na costais a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt.

4. Íocfaidh European Paper Packaging Alliance, an Coimisiún, Ríocht na hÍsiltíre, an Pharlaimint agus an Chomhairle faoi seach a gcostas féin a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt.

(1) IO C 431, 25.10.2021

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 22 Meán Fómhair 2022 – Primagran v EUIPO – Primagaz (prımagran)**

**(Cás T-624/21)** (1)

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "prımagran" – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "PRIMA" roimhe seo – Forais choibhneasta le diúltú – Dóchúlacht mhearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 95(1) de Rialachán 2017/1001 – Toirmeasc ar reformatio in pejus – Caingean gan bhunús sa dlí go follasach)***

(2022/C 463/66)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Primagran sp. z o.o. (Stegna, an Pholainn) (ionadaí: E. Jaroszyńska-Kozłowska, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Palmero Cabezas, J. Crespo Carrillo agus V. Ruzek, Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta: Compagnie des gaz de pétrole Primagaz (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: S. Herrburger, Dlíodóir)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh an Cheathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 28 Iúil 2021 (Cás R 2486/2020-4).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Primagran sp. z o.o. a chostais féin a íoc, chomh maith le costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus ag Compagnie des gaz de pétrole Primagaz

(1) IO C 481, 29.11.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 20 Deireadh Fómhair 2022 – Callaway v an Coimisiún**

**(Cás T-653/21)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – An comhbheartas talmhaíochta – Catalóg choiteann de chineálacha de speicis plandaí talmhaíochta – Cineálacha plandaí – Táirgeoir den chineál chnáib Finola – Limistéir arna saothrú sa Pholainn – Cineálacha cnáibe atá incháilithe do thacaíocht airgeadais faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta – Cion teitrihidreacannaibionóil (THC) – Údarú arna thabhairt don Pholainn margaíocht chineál Finola a chosc ar a críoch – Easpa cúraim dhírigh – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/67)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* James C. Callaway (Kuopio, an Fhionlainn) (ionadaí: P. Hoffman, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: A. Becker agus F. Castilla Contreras, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear ar neamhní Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1214 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2021 lena gceadaítear do Phoblacht na Polainne margaíocht chineál chnáib Finola a chosc ar a críoch i gcomhréir le Treoir 2002/53/CE ón gComhairle (IO 2021 L 265, lch. 1). Áitíonn sé, freisin, de bhun Airteagal 277 CFAE, pléadálacha neamhdhleathachta i leith Airteagal 32(6) de Rialachán Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO 2013 L 347, lch. 608), agus i leith Airteagal 9(5) de Rialachán Tarmligthe Uimh. 639/2014 ón gCoimisiún an 11 Márta 2014 lena bhforlíontar Rialachán Uimh. 1307/2013 agus lena leasaítear Iarscríbhinn X den Rialachán sin (IO 2014 L 181, lch. 1).

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc í a bheith do-ghlactha.

2) Ní gá breith a thabhairt ar iarratais ar idiragairt Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Pharlaimint na hEorpa agus Phoblacht na Polainne.

3) Ordaítear do James C. Callaway a chostais féin a íoc chomh maith le costais an Choimisiúin Eorpaigh.

4) Ordaítear don Chomhairle, don Pharlaimint agus do Phoblacht na Polainne a gcostais féin a bhaineann leis na hiarratais ar idiragairt a íoc.

---

([1]) IO C 24, 17.1.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 28 Meán Fómhair 2022 – FC v AUEA**

**(Cás T-697/21)** ([1])

***(An tSeirbhís Shibhialta – Foireann shealadach – Nós imeachta araíonachta – Diúltú d'iarratas ar bhac ar nós imeachta araíonachta agus breithiúnais na Cúirte Ginearálta ar feitheamh i gcásanna gaolmhara – Breithiúnais na Cúirte Ginearálta a thabhairt i gcásanna gaolmhara – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 463/68)

*Teanga an cháis: an Ghréigis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* FC (ionadaithe: V. Christianos, G. Kelepouri agus A. Skoulikis. Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (ionadaithe: P. Eyckmans agus M. Stamatopoulou, Gníomhairí, le cúnamh ó T. Bontinck, A. Guillerme et L. Burguin, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 20 CFAE, iarrann FC go gcuirfí cinneadh Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUEA) an 25 Iúil 2021 ar neamhní lenar diúltaíodh do ghearán FC i gcoinne chinntí EUEA an 24 Feabhra agus an 14 Márta 2021 inar dhiúltaigh Cathaoirleach Bhord Araíonachta don iarratas ar bhac ar an nós imeachta araíonachta a tosaíodh i gcoinne FC.

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní gá breithiúnas a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh.

2. Íocfaidh FC a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann

(1) IO C 2, 03.01.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Meán Fómhair 2022 – TDK Foil Italy v an Coimisiún**

**(Cás T-788/21)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Beartas tráchtála – Dumpáil – Allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh na Síne – Dleacht frithdhumpála chinntitheach – Allmhaireoir neamhspleách – Gan cúram aonair bheith ann – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/69)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TDK Foil Italy SpA (Rozzano, an Iodáil) (ionadaithe: F. Di Gianni, A. Scalini agus G. Pregno, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Luengo agus M. Gustafsson, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO 2021 L 359, lch. 6), a mhéid a áirítear leis an Rialachán sin scragall amh alúmanaim arna úsáid chun scragaill anóide ardvoltais agus scragaill cluaisín a sholáthar le haghaidh toilleoirí leictrealaíocha alúmanaim a thagann faoi raon feidhme na dleachta frithdhumpála.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean de bharr go bhfuil sí do-ghlactha

2. Ordaítear do TDK Foil Italy SpA na costais a íoc.

(1) IO C 84, 21.2.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 5 Deireadh Fómhair 2022 – Airoldi Metalli v an Coimisiún**

**(Cás T-1/22)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Dumpáil – Allmhairí táirgí alúmanaim cothrom-rollta de thionscnamh na Síne – Dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur – Allmhaireoir – Caingean rialála lena ngabhann bearta cur chun feidhme – Caingean nach ábhar imní aonair é – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/70)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Airoldi Metalli SpA (Molteno, an Iodáil) (ionadaithe: M. Campa, D. Rovetta, P. Gjørtler agus V. Villante, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Gustafsson agus G. Luengo, Gníomhairí)

**Maidir le:**

De réir a chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, tá an t-iarratasóir ag iarraidh go ndéanfaí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1784 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothromrollta alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO 2021 L 359, lch. 6) a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an chaingean a dhíbhe mar chaingean do-ghlactha.

2. Íocfaidh Airoldi Metalli SpA a chostais féin agus íocfaidh sé na costais sin a thabhóidh an Coimisiún Eorpach.

3. Íocfaidh European Aluminium a chostais féin a bhaineann lena iarratas ar idiragairt.

(1) IO C 84, 21.2.2022

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 11 Deireadh Fómhair 2022 – Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris v Parlaimint na hEorpa**

**(Cás T-41/22)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rún ó Pharlaimint na hEorpa ar chomóradh bliana an toirmisc de facto ar ghinmhilleadh sa Pholainn – Acht nach bhfuil faoi réir achomhairc – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/71)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris (Vársá, an Pholainn) (ionadaithe: K. Koźmiński agus T. Siemiński, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: J. Rodrigues agus W. Kuzmienko, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Samhain 2021 ar chomóradh bliana an toirmisc *de facto* ar ghinmhilleadh sa Pholainn [2021/2925(RSP)] ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

2) Ordaítear do Fundacja Instytut na rzecz Kultury Prawnej Ordo Iuris na costais a íoc.

(1) IO C 148, 4.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 30 Meán Fómhair 2022 – Collard v ID**

**(Cás T-53/22)** (1)

***(Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa nó a grúpa polaitiúil – Iarratasóir a scoir de fhreagra a thabhairt a thuilleadh ar iarratais na Cúirte Ginearálta – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnais)***

(2022/C 463/72)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Gilbert Collard (Vauvert, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) (ionadaí: J. Bosquet, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh bhiúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) i bParlaimint na hEorpa an 22 agus 25 Eanáir 2022 lenar cuireadh ar fionraí é agus lenar eisíodh ón ngrúpa sin é, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Níl gá le breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh sa mhéid go bhfuil sé dírithe ar an ngrúpa polaitíochta "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID).

2. Ordaítear don iarratasóir na costais a íoc, cé is moite díobh siúd ar rialaigh an Chúirt cheana féin in Ordú an 14 Iúil 2022, Collard v an Pharlaimint agus ID (T-53/22, nár foilsíodh, EU:T:2022:463).

(1) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 30 Meán Fómhair 2022 – Rivière v ID**

**(Cás T-54/22)** (1)

***(Dlí institiúideach – Feisire Parlaiminte – Feisire a chur ar fionraí agus a eisiamh óna ghrúpa nó a grúpa polaitiúil – Iarratasóir a scoir de fhreagra a thabhairt a thuilleadh ar iarratais na Cúirte Ginearálta – Cás nach dtéann ar aghaidh chun breithiúnaist)***

(2022/C 463/73)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Jérôme Rivière (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: B. Kuchukian, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Grúpa polaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) (ionadaí: J. Bosquet, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar cinneadh bhiúró an ghrúpa pholaitiúil "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID) i bParlaimint na hEorpa an 21 agus an 25 Eanáir 2022 lenar cuireadh ar fionraí é agus lenar eisíodh ón ngrúpa sin é, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Níl gá le breith a thabhairt ar an gcaingean a thuilleadh sa mhéid go bhfuil sé dírithe ar an ngrúpa polaitíochta "Féiniúlacht agus Daonlathas" (ID).

2. Ordaítear don iarratasóir na costais a íoc, cé is moite díobh siúd ar rialaigh an Chúirt cheana féin in Ordú an 14 Iúil 2022, Rivière v an Pharlaimint agus an ID (T-54/22, nár foilsíodh, EU:T:2022:472).

(1) IO C 158, 11.4.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Deireadh Fómhair 2022 – OG agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-101/22)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/503 – Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 – Rialachán (AE) 2021/953 – Deimhniú Digiteach COVID AE – Saorghluaiseacht daoine – Srianta – Easpa cúraim dhírigh – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/74)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* OG agus páirtithe eile (ionadaí: D. Gómez Fernández, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Montaguti agus J. Baquero Cruz, Gníomhairí)

**Ábhar**

Trína gcaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, go bunúsach, ar an gcéad dul síos, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Deimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil (IO 2021 L 458, lch. 459) a chur ar neamhní, maraon le, ar an dara dul síos, Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/503 ón gCoimisiún an 29 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le mionaoisigh a dhíolmhú ó thréimhse inghlacthachta deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE (IO 2022 L 102, lch. 8).

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an chaingean a dhíbhe mar chaingean do-ghlactha.

2) Íocfaidh OG agus páirtithe eile as a gcostais féin chomh maithe leis na costais arna dtabhú ag an Coimisiún Eorpach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí eatramhacha os comhair na Cúirte Ginearálta.

([1]) IO C 165, 19.4.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 7 Deireadh Fómhair 2022 – ON v an Coimisiún**

**(Cás T-103/22)** ([1])

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 – Rialachán (AE) 2021/953 – Deimhniú Digiteach COVID an Aontais – Saorghluaiseacht daoine – Srianta – Gan cúram aonair bheith ann – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/75)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ON (ionadaí: D. Mimrová, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Montaguti agus M. Salyková, Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil (IO 2021 L 458, lch. 459).

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear do chaingean as bheith do-ghlactha.

2. Íocfaidh ON a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach.

(1) IO C 191, 10.5.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 26 Meán Fómhair 2022 – OO v BEI**

**(Cás T-134/22)** (1)

***(Státseirbhís – Foireann BEI – Luach saothair – Liúntas cónaithe eachtraigh laghdaithe faoina leath – Ráiteas tuarastail – An tráth chun imeachtaí a bhunú – Neamh-inghlachtacht)***

(2022/C 463/76)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: OO (ionadaí: M. Velardo, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* an Banc Eorpach Infheistíochta (ionadaithe: G. Faedo agus J. Pawlowicz, Gníomhairí, agus B. Wägenbaur, Dlíodóir)

**Ábhar:**

Lena chaingean faoi Airteagal 270 CFAE agus faoi Airteagal 50a de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar fógra ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) an 27 Feabhra 2012, a mhéid a dhámhann an fógra sin liúntas cónaithe eachtraigh arna laghdú faoina leath, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don iarratas mar neamh-inghlactha.

2. Ordaítear do OO na costais a íoc.

(1) IO C 191, 10.5.2022.

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 12 Deireadh Fómhair 2022 – Saure v an Coimisiún**

**(Cás T-165/22)** (1)

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Rochtain ar dhoiciméid – Diúltú rochtana – Lis pendens – Do-ghlacthacht)***

(2022/C 463/77)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hans-Wilhelm Saure (Beirlín, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Partsch, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Gattinara, K. Herrmann agus A. Spina, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh C(2022) 870 final ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2022, lena ndiúltófar rochtain ar dhoiciméid áirithe, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean toisc é a bheith do-ghlactha.

2) Ordaítear do Hans-Wilhelm Saure na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc, i dteannta a chostais féin.

(1) IO C 198, 16.5.2022.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 21 Meá Fómhair 2022 – Xpand Consortium agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-281/22 R)**

***(Faoiseamh eatramhach – Conarthaí soláthair phoiblí – Soláthar Seirbhísí Forbartha, Forfheidhmithe, Cothabhála/Oibríochtaí, Comhairle agus Comhairliúcháin i gCórais TF Cuntasaíochta/Airgeadais agus Airgeadais – Iarratas ar bhearta eatramhacha – Easpa práinne)***

(2022/C 463/78)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Xpand Consortium (an Bhruiséil, an Bheilg), NTT Data Belgique (an Bhruiséil), Sopra Steria Benelux (an Bhruiséil), Fujitsu Technology Solutions (an Bhruiséil) (ionadaithe: M. Troncoso Ferrer, L. Lence de Frutos agus A. Rebollar Corrales, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. André agus M. Ilkova, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Trína n-iarratas ar bhonn Airteagail 278 agus 279 CFAE, lorgaíonn na hiarratasóirí ordú nach mór don Choimisiún Eorpach staonadh ó nós imeachta soláthair nua a sheoladh a bhfuil an t-ábhar céanna aige agus atá sa nós imeachta chun conradh a dhámhachtain ar a bhfuil an tagairt BUDG 19/. PO/04, dar teideal “Soláthar Seirbhísí Forbartha, Cur i bhFeidhm, Cothabháil/Oibríochtaí, Comhairle agus Comhairliúcháin i gCórais TF Cuntasaíochta/Airgeadais agus Airgeadais”, go dtí go mbeidh rialú deiridh tugtha ag an gCúirt Ghinearálta ar a gcaingean le haghaidh neamhniú, 13 Bealtaine 2022, in aghaidh chinneadh an Choimisiúin an 3 Márta 2022 an nós imeachta soláthair sin a chur ar ceal.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an t-iarratas ar bhearta eatramhacha a dhíbhe.

2. Forchoimeádtar na costais.

---

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 18 Deireadh Fómhair 2022 – Fresenius Kabi Austria agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-416/22 R)**

***(Bearta eatramhacha – Táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine – Treoir 2001/83/CE – Údarú margaíochta a dheonú do tháirgí íocshláinte ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach “réiteach stáirse hiodrocsa-eitile (HES) le haghaidh insilte” – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – Easpa práinne)***

(2022/C 463/79)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Fresenius Kabi Austria GmbH (Graz, an Ostair) agus na 14 iarratasóir eile a bhfuil a n-ainmneacha san aguisín a ghabhann leis an ordú (ionadaithe: W. Rehmann agus A. Knierim, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Escobar Gómez agus K. Mifsud-Bonnici, i gcáil Gníomhairí)

**Ábhar**

Lena n-iarratas bunaithe ar Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí ar fionraí forghníomhú Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3591 final ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2022, maidir le, faoi chuimsiú Airteagal 107p de Threoir 2001/83/CE ón Pharlaimint agus ón gComhairle, údaraithe margaíochta do tháirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach "réiteach stáirse hiodrocsa-eitile (HES) le haghaidh insilte", tar éis meastóireachta ar staidéar sábháilteachta iar-údaraithe.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Forchoimeádtar na costais.

---

**Caingean arna tabhairt an 19 Meán Fómhair 2022 – ECE Group v EUIPO – ECE Piknik Ürünleri Plastik ve Kömür Üretim Ithalat Ihracat (ECE QUALITY OF LIFE)**

**(Cás T-581/22)**

(2022/C 463/80)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* ECE Group GmbH & Co. KG (Hamburg, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Kloth, R. Briske, M. Tillwich agus P. Funke, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* ECE Piknik Ürünleri Plastik ve Kömür Üretim Ithalat Ihracat Anonim Sirketi (Dilovasi/Kocaeli, an Tuirc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ECE QUALITY OF LIFE – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 163 717

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 4 Iúil 2022 i gCás R 1384/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú, chun go seasfar leis an bhfreasúra ina iomláine agus go ndiúltaítear iarratas ar thrádmharc an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 163 717 ina iomláine;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tionscnamh an 23 Meán Fómhair 2022 – RM v an Pharlaimint**

**(Cás T-593/22)**

(2022/C 463/81)

*Teanga an cháis: an Liotuáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* RM (ionadaí: D. Aukštuolytė, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Parlaimint na hEorpa

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— cinneadh ó Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an 25 Iúil 2022 a chur ar neamhní;

— nóta dochair Uimh. 7020001038 arna eisiúint ag Parlaimint na hEorpa an 27 Iúil 2022 a chur ar ceal;

— a ordú don Pharlaimint costais an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur sháraigh an Pharlaimint an tréimhse cúig bliana a leagtar amach in Airteagal 98(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018, ina bhfuil nóta dochair le seoladh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 68 de na Bearta cur chun feidhme do Reacht Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, a mhéid nár sheol an Pharlaimint nóta dochair chuig an iarratasóir go dtí an 27 Iúil 2022. bíodh is go raibh sí in ann a cuid fiachais a éileamh ón iarratasóir agus go raibh na doiciméid cuntasaíochta tacaíochta a bhaineann leis an bhfiachas sin ina seilbh aici ón 17 Meitheamh 2016 amach.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Pharlaimint moill mhíréasúnta agus éagórach leis an nós imeachta aisghabhála a thionscnamh, le hurramú an phrionsabal nach mór bearta a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta a leagtar amach in Airteagal 41(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a mhainneachtain gan bonn cirt a bheith leis. Dá bharr sin, sáraíodh cearta an iarratasóra chun cosanta leis an nós imeachta a thionscnamh go déanach, toisc gur séanadh an deis ar an iarratasóir é féin a chosaint go héifeachtach ar na líomhaintí arna ndéanamh tríd an bhfianaise riachtanach a bhailiú agus í inbhailithe go fóill.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearna an Pharlaimint earráid mheasúnaithe toisc gur mhainnigh sí measúnú ceart a dhéanamh ar an bhfianaise agus na mínithe arna dtaisceadh ag an iarratasóir chun bunús a chur leis an obair de chuid a chúntóra áitiúil agus gur fhorchuir sí caighdeán neamh-mheasartha cruthúnais ar an iarratasóir dá bharr sin.

---

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2022 – Topper Argentina v EUIPO – Ningbo Xiangxinli Network Technology (wetoper)**

**(Cás T-630/22)**

(2022/C 463/82)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Topper Argentina, SA (Buenos Aires, an Airgintín) (ionadaí: J. M. Mora Cortés, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Ningbo Xiangxinli Network Technology Co. Ltd (Qingdao, an tSín)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi chonspóid*: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi chonspóid:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "wetoper" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 249 968

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Meitheamh 2022 i gCás R 2126/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idirgaraí (má thagann sé os comhair na Cúirte agus idiragairt a dhéanamh sa chaingean seo) na costais a íoc, lena n-áirítear na costais a bhaineann leis na himeachtaí os comhair na Rannóige Oibríochta agus os comhair an Cheathrú Bord Achomhairc de EUIPO.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 11 Deireadh Fómhair 2022 – Beijing Unicorn Technology v EUIPO – WD Plus (Gléas ciorcail le dhá phointe ghéara)**

**(Cás T-631/22)**

(2022/C 463/83)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Beijing Unicorn Technology Co. Ltd (Béising, an tSín) (ionadaithe: M. Kinkeldey, S. Brandstätter agus S. Clotten, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* WD Plus GmbH (Hannover, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh lena léirítear gléas ciorcail le dhá phointe ghéara – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 278 716

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh an Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 26 Iúil 2022 i gCás R 246/2022-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú go n-íocfaidh an cosantóir agus an páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc costais na n-imeachtaí má thagann sé isteach mar idiragraí.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar oibleagáid EUIPO cúiseanna a lua de bhun Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 12 Deireadh Fómhair 2022 – VF International v EUIPO – Super Brand Licencing (GEOGRAPHICAL NORWAY EXPEDITION)**

**(Cás T-639/22)**

(2022/C 463/84)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* VF International Sagl (Stabio, an Eilvéis) (ionadaí: Y. Bizollon, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Super Brand Licencing SAS (Villeurbanne, an Fhrainc)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh GEOGRAPHICAL NORWAY EXPEDITION sna dathanna dubh, tóp, dearg, bán –Iarratas ar chlárú Uimh. 9 860 834

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bhord Achomhairc de EUIPO an 23 Lúnasa 2022 i gCás R 124/2022-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid ina iomláine a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 59(1)(b) agus ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 15 Deireadh Fómhair 2022 – C. & S. v EUIPO – Scuderia AlphaTauri (CS jeans your best fashion partner)**

**(Cás T-645/22)**

(2022/C 463/85)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* C. & S. Srl (Umbertide, an Iodáil) (ionadaí: E. Montelione, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Scuderia AlphaTauri SpA (Faenza, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh *CS jeans your best fashion partner* – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 9 387 986

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 4 Lúnasa 2022 i gCás R 182/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 — Piaggio & C. V EUIPO — e-bility (Scooter)**

**(Cás T-646/22)**

(2022/C 463/86)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Piaggio & C. SpA (Pontedera, an Iodáil) (ionadaithe: F. Jacobacci agus B. La Tella, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh — EUIPO

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc:* e-bility GmbH (Remagen, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir ar an trádmharc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Dearadh Comhphobail (Scooter) — Dearadh Comhphobail Uimh. 4363588-0001

*Nós imeachta roimh EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid* Cinneadh ón dtríú Bord Achomhairc EUIPO an 8 Lúnasa 2022 i gCás R 1663/2020-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a dhearbhú go bhfuil Dearadh Comhphobail Uimh. 4363588-0001 faoi úinéireacht an dílseánaigh neamhbhailí;

— a ordú gurb é an cosantóir agus an dílseánach a íocfaidh costais na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc;

— a ordú do EUIPO agus don pháirtí eile a d'fhéadfadh a bheith sna himeachtaí seo costais iomlána na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Measúnú mícheart agus eisiamh gan bhunús ar fhianaise chinntitheach arna soláthar ag an iarratasóir;

— Sárú ar Airteagal 25(1)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 25(1)(f) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.

---

## Caingean arna tabhairt an 17 Deireadh Fómhair 2022 – Puma v EUIPO – Handelsmaatschappij J. Van Hilst (Shoes)

## (Cás T-647/22)

(2022/C 463/87)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Puma SE (Herzogenaurach, an Ghearmáin) (ionadaí: M. Schunke agus P. Trieb, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Handelsmaatschappij J. Van Hilst (Waalwijck, an Ísiltír)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 320 555-0002

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Lúnasa 2022 i gCás R 726/2021-3

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sin arna dtabhú os comhair an Bhoird Achomhairc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle;

— Mainneachtain sárú ar oibleagáidí conarthacha agus ar mheon mímhacánta a chur san áireamh.

---

**Caingean arna tabhairt an 14 Deireadh Fómhair 2022 – Shammout v an Chomhairle**

**(Cás T-649/22)**

(2022/C 463/88)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Issam Shammout (an Damaisc, an tSiria) (ionadaí: L. Cloquet, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1277 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria ([1]), a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1275 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria ([2]), a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir,

— pianbhreith a ghearradh ar an gComhairle costais iomlána agus caiteachais iomlána na n-imeachtaí, lena n-áirítear iad siúd atá leagtha amach ag an iarratasóir, a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach agus na fíorais á measúnú. Rinne an Chomhairle earráid fhollasach agus í ag measúnú na bhfíoras nuair a mheas sí gur “fear mór gnó … atá ag feidhmiú sa tSiria” é an t-iarratasóir.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal ginearálta na comhréireachta.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú díréireach ar cheart úinéireachta agus fheidhmiú gairme.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go raibh sáruithe ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt dá bhforáiltear in Airteagal 296(2) CFAE.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart cosanta agus ar an gceart chun trialach córa.

([1]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/1277 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/255/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Siria (IO 2022 L 194, lch. 15).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1275 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria (IO 2022 L 194, lch. 8).

---

**Caingean arna tabhairt an 19 Deireadh Fómhair 2022 — Silex v an Coimisiún**

**(Cás T-653/22)**

(2022/C 463/89)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Silex Ipari Automatizálási Zrt. (Búdaipeist, an Ungáir) (ionadaí: Á. Baratta, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh C(2022) 5863 final ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2022 maidir le haisghabháil na suime EUR 27 726,44 (fiche seacht míle, seacht céad agus fiche sé euro agus daichead is a ceathair cent), agus an t-ús mainneachtana lena mbaineann, atá dlite ag Silex Ipari Automatizálási Zrt., a chur ar neamhní;

— a ordú don Choimisiún na costais a íoc, i gcás go ndíbhtear éilimh an iarratasóra freisin, toisc nach gcomhlíontar ceanglais an dea-riaracháin.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. Saincheisteanna dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, earráid fhollasach mheasúnaithe agus sárú ar cheanglas na bainistíochta fónta airgeadais.

   — Sháraigh an cosantóir a oibleagáid cúiseanna a lua, rinne sé earráid fhollasach mheasúnaithe agus sháraigh ceanglas na bainistíochta fónta airgeadais trí Chinneadh C(2022) 5863 final ón gCoimisiún an 9 Lúnasa 2022, lena gceanglaítear ar an iarratasóir EUR 27 726,44 agus an t-ús lena mbaineann a íoc a bhunú

     — ar chéad tuarascáil bhliantúil athbhreithnithe na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ("EASME") an 25 Aibreán 2018 arna glacadh i ndiaidh na seiceála ar an láthair i Márta 2018;

     — ar dhoiciméad EASME an 15 Meitheamh 2018, ina léirítear den chéad uair a rún chun deireadh a chur leis an gcomhaontú deontais darb uimhir thagartha 739280 ELECTRIC_AXLE, arna chur i gcrích ag an iarratasóir le EASME, agus ar na cúiseanna don doiciméad sin;

     — ar dhoiciméad EASME an 8 Deireadh Fómhair 2018 lena gcuirtear deireadh leis an gcomhaontú deontais go hiarbhír agus ar na cúiseanna don doiciméad sin, agus

     — ar thuarascáil chríochnaitheach EASME an 31 Iúil 2019.

2. Saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin.

   — Sháraigh an cosantóir prionsabal an dea-riaracháin

     — toisc nach ndearna sé scrúdú ar shubstaint an ghearáin a rinne an t-iarratasóir i gcoinne cur chuige EASME le linn chur chun feidhme an chomhaontaithe deontais, agus,

     — toisc gur mhaígh sé sa ghníomh atá faoi chonspóid nár fhreagair an t-iarratasóir na ceanglais agus na meabhrúcháin íocaíochta.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Deireadh Fómhair 2022 – Poblacht na Seice v an Coimisiún**

**(Cás T-335/20)** [1]

(2022/C 463/90)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

D'ordaigh Uachtarán an Tríú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 247, 27.7.2020.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 14 Deireadh Fómhair 2022 – Medivet Group v EUIPO (MEDIVET)**

**(Cás T-11/22)** [1]

(2022/C 463/91)

*Teanga an cháis: an Béarla*

D'ordaigh Uachtarán an Dara Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 109, 7.3.2022.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 19 Deireadh Fómhair 2022 – HCP v EUIPO – Timm Health Care (PYLOMED)**

**(Cás T-138/22)** [1]

(2022/C 463/92)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D'ordaigh Uachtarán an Seachtú Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

(1) IO C 198, 16.5.2022.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA